



Tá Stáirse i ngach áit

Ullmhúcán

ÁBHAIR AGUS FEARAS

Tintiúr iaidín (ar fáil ó phoitigéiri)

Braonbhuidéil bheaga (ar fáil ó phoitigéiri)

Crúiscín tomhais

Tonnadóir

Samplai don tástáil, m.sh. páipéar, cairtchlár, polaistiréin, plaistic, arán, prátaí, úll, salann, cáis, rís, spaigití, siúcra, plúr, briosca, agus araile.

ULLMHÚCHÁN

Bíodh an tuaslagán íodaín ullmhaithe roimh ré. Caolaigh an tuaslagán íodaín le h-uisce (timpeall 1:10, íodaín : uisce). Is leor pipéad amháin idir ceathrar. Ná coimeád an tuaslagán íodaín i dtaisce sa rangsheomra. Tabhair aire - fágann íodaínmál.

Clúdaigh na boird oibre le nuachtáin.

EOLAS BREISE

Tá trí príomh úsáid ag stáirse – is mórbhia é, is ábhar ramhraithe d’anlann é, agus úsáidtear é chun cleandar a chur ar éadaí. Déanann stáirse agus íodaín frithghníomhú le chéile chun leacht gorm nó dúghorm a dhéanamh. Mar sin is féidir íodaín a úsáid chun a fháil amach an bhfuil stáirse i rud éigin.

SPRIOC CHEISTEANNA

Cá mbíonn stáirse ar fáil?

(Freagraí samplacha: i mbia, nó chun cleandar a chur ar éadaí)

Cá háit as a dtagann stáirse, meas tú?

(Ó phlandaí)

NASCADH

OSPS: Mé féin - ag tabhairtaire do mo chorp

OSIE: Tíreolaíocht:Imshaoil nádúrtha


SCILEANNA

Ag tuar,ag imscrúdú agus ag tástáil,ag clárú,ag anailisiú,ag rangú

ÁBHAR

Plandaí agus ainmhithe

Ábhair





Tá Stáirse i ngach áit

Tá Stáirse i ngach áit (ar lean)

GNÍOMHAÍOCHT

Cuir cúpla braon den tuaslagán iadaín le gach ceann de na hearraí seo leanas agus breathnaigh má tá aon athrú ar dhath an iadaín le feiscint. Tá stáirse ann má athraíonn an dath go dúghorm.

Cláraigh na torthaí anseo:

Earra	Ar iompaigh an t-íadaín Gorm nó dúghorm	An raibh stáirse ann
Páipéar síoda		
Páipéar cistine		
Muga plaisteach		
Muga polystyrene		
Arán		
Práta		
Úll		
Briosca		

SÁBHÁILTEACHT

Tabhair aire leis an iadaín agus bíodh na páistí faoi dhiansmacht ag daoine fásta; ná cuir an t-íadaín isteach sa bhéal. Ná coimeád an tuaslagán iadaín i dtaisce sa rangsheomra. Tabhair aire le héadaí mar fágann iadaín smál. Nigh na lámha i ndiaidh na gníomhaíochta.

LEATHNÚ

Is féidir leis na páistí:

Eolas a fháil ar conas mar a úsáidtear stáirse.

(Tá trí príomh úsáid ag stáirse – is mórbhia é, is ábhar ramhraithe d'anlann é, agus úsáidtear é chun cleandar a chur ar éadaí).

Breathnú ar an t-ábhar pacála atá ar bhia chun a fháil amach an bhfuil stáirse ann. Tá stáirse le fáil in arán, pasta, gránach, prátaí, agus go leor eile.

Iniúchadh a dhéanamh ar Phirimid an Bhia.

Plé a dhéanamh ar na príomh saghas bia agus cad is cothú cothrom ann. *(Is iad carbaihiodráití, próitéiní, geireacha, vitimíní, mianraí na príomh saghsanna bia atá ann).*

Bosca lón folláin a dhearadh dóibh féin nó do pháistí óga.

Fiosrú a dhéanamh ar na saghsanna stáirse atá in úsáid ar fud an domhain.

Iniúchadh a dhéanamh ina rang féin ar cén saghas stáirse atá á ithe acu.

Staidéar a dhéanamh ar an nGorta Mór in Éirinn.

A gcuid stáirse féin a dhéanamh.

Taos Stáirse a dhéanamh – tá an obair seo salach go maith.

Tá leagan splanbhunaithe den ghníomhaíocht seo ar fáil ar www.primaryscience.ie